



The Ark

RÁITEAS STRAITÉISE

2021-2023

**Samhlaíocht
an linbh a
spreagadh**

LEAGTAR AMACH SA DOICIMÉAD SEO FÓCAS STRAITÉISEACH NA HÁIRCE DO 2021-23. CEAPADH NA SAINCHUSPÓIRÍ A LUAITEAR ANSEO FAOI CHUIMSIÚ ÁR STRAITÉISE 2017-2020 AGUS CUIRTEAR COMHTHÉACS AN-ÁIRITHE NA GÉARCHÉIME SLÁINTE POIBLÍ SAN ÁIREAMH A BHFUIL SÚIL AGAINN TEACHT AS GO LUATH.

háiochtaí go soiléir faoi cheanteidil ár dtosaíochtaí straitéiseacha: sármhaitheas, rannpháirtíocht, inbhuanaitheacht agus abhcóideacht.

In éineacht lenár n-uailmhianta sna réimsí seo, sna blianta beaga amach romhainn beidh na trí théama seo a leanas mar bhonn eolais lenár gcuid oibre: cumas digiteach, comhionannas, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht, agus inbhuanaitheacht chomhshaoil. Is féidir cuid den bhéim seo a chreidiúnú do Covid-19. Cinnte, bhrostaigh an paidéim an gá a bhí lenár gcumas digiteach a fheabhsú. Cé go rabhamar tiomanta cheana féin dár mbeartas comhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a chur i bhfeidhm go hiomlán in 2021, agus dár n-inbhuanaitheacht a iniúchadh, tá sé níos práinní agus níos ábhartha ná riamh i bhfianaise chorráil 2020.

RÉAMHRÁ

Mar sin, féadfar an Ráiteas Straitéise seo a mheas mar shíneadh ar ár straitéis roimhe seo, “Deiseanna a chruthú do leanaí na healaíona a thaiscéaladh agus a ghráú”. Is freagra scoite é freisin, áfach, ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le bheith ag obair laistigh den ‘Chreat Náisiúnta um Maireachtáil le Covid-19’ an rialtais agus bogadh ar aghaidh uaidh.

Agus ár rún straitéiseach do 2021-23 á chur i láthair againn, déanaimid ár bhfís, ár misean agus ár luachanna a athdhearbhú ar dtús. Seo iad ár Réalta Thuaidh. Threoraigh siad obair Na hÁirce – an méid a dhéanaimid agus an fáth a ndéanaimid é – trí fhorbairtí 2017-2019 agus trí chorráil agus éiginnteacht 2020. Tá ceart leanaí ar ealaín agus ar chultúr i gcroílár gach a ndéanaimid, ní amháin toisc go gcreidimid i luach intreach na n-ealaíon ag aois ar bith, ach freisin mar gheall ar an leas cruthaithe atá aige d’fhorbairt phearsanta, shóisialta agus acadúil leanaí. Le tionchar na paidéime, na ndianghlasálacha arís agus arís eile agus dúnadh na scoileanna ag leathnú na bearna i ngnóthachtáil agus ag méadú na héagothroime sóisialta, tá ár gcuid oibre chun an ceart seo a chosaint níos rithábhachtaí agus níos práinní anois ná riamh.

Thug ar tharla in 2020 brí iomlán nua dár luachanna ‘foghlaim i gcónaí’, ‘a bheith cróga’, agus ‘ár ndícheall a dhéanamh’. Fuair eamar bealaí nua freisin le ‘bheith cairdiúil agus fáilteach’ agus chun a chur ar chumas daoine eile, agus muid féin, ‘spraoi a dhéanamh’ freisin. Cloifimid lenár bhfís, lenár misean agus lenár luachanna i gcónaí sna blianta amach romhainn. Leagtar amach, ina dhiaidh sin, fócas ár ngníom-

I láthair na huaire, tugann an Ráiteas Straitéise seo deis dúinn chun féachaint ar aghaidh. Tá dóchas bunúsach an Ráitis prámhaithe ina bhfuil feicthe againn le bliain anuas: tacaíocht láidir ár gcomhpháirtithe maoinithe agus cláir; athléimneacht agus seiftiúlacht múinteoirí, tuismitheoirí, ealaíontóirí agus leanaí; agus ár saineolas agus ár dtiomantas féin. In ainneoin na n-éiginnteachtaí atá amach romhainn, leanfaimid orainn ag cruthú deiseanna do leanaí chun triail a bhaint as na healaíona agus iad a ghráú. Is é a gceart é.

Aideen Howard
Stiúrthóir

Brian Lavery
Cathaoirleach

**TÁ CEART LEANAÍ
AR EALAÍN AGUS
AR CHULTÚR I
GCROÍLÁR GACH
A NDÉANAIMID**

ÁR BHFÍS

Creidimid i gceart gach linbh triail a bhaint as an ealaín agus í a ghráú i sochaí ina léirítear meas ar an gcruthaitheacht agus ar an gcultúr agus ina saibhríonn siad an saol dúinn go léir.



ÁR MISEAN


Samhlaíocht na hóige a spreagadh trí ealaín iontach a dhéanamh agus a roinnt le leanaí, fúthu agus ar a son, chun lúcháir a chur orthu agus caidreamh cultúrtha a chruthú a mhairfidh ar feadh a saoil.



ÁR LUACHANNA

SPRAOI A DHÉANAMH

Bainimid taitneamh as ár gcuid oibre agus táimid lándáiríre fúithi freisin! Is breá linn deiseanna a chruthú do leanaí, do chomhoibritheoirí agus do chomhghleacaithe chun spraoi a dhéanamh.



BHEITH CAIRDIÚIL AGUS FÁILTIÚIL

Tá fáilte roimh chách isteach san Áirc agus is breá linn na rudaí a dhéanaimid agus an chaoi a ndéanaimid é a roinnt. Caithimid le gach duine ar an mbealach ar mhaith linn go gcaithfí linn féin - le meas agus le tuiscint.



AG DÉANAMH ÁR NDÍCHILL

Déanaimid iarracht ár ndícheall a dhéanamh gach lá. Le dearcadh dearfach agus tiomantas i leith barr feabhais, spreagaimid gach duine a bhíonn i dteagmháil linn a bheith ar a ndícheall freisin.

BHEITH CRÓGA

Táimid i gcónaí oscailte smaointe nua a thriail agus a bheith eachtrúil agus cróga maidir leis an gcaoi a ndéanaimid ealaín. Seasann muid ar son leanaí agus labhraímid ar a son agus spreagaimid iad chun iad féin a chur in iúl.

AG FOGHLAIM I GCÓNAÍ

Bímid fiosrach i gcónaí agus san airdeall ag faire ar athruithe. Cruthaímid deiseanna foghlaim dúinn féin agus óna chéile. Táimid buíoch as an méid a fhoghlaimimid ó thaithí - agus trí bhotúin. Roinnimid ár gcuid foghlama le daoine eile.

ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Tá ceithre cinn de thosaíochtaí straitéiseacha aitheanta againn a threoróidh ár gcinnteoireacht agus ar a ndíreofar ár gcuid iarrachtaí. Tá na tosaíochtaí seo ar aon dul le prionsabail bhunaidh na hÁirce agus tacóidh siad le cur i ngníomh ár bhfíse agus ár misin. Is déanfar an méid a bhainfear amach le linn thréimhse na straitéise seo a mheas agus a thomhas i gcomparáid leis na colúin seo.



SÁRMHAITHEAS

Dul i gcomhairle le leanaí chun eispéiris ealaíon den scoth a chruthú dóibh

RANNPHÁIRTÍOCHTI

A chinntiú go bhfaigheann tuilleadh leanaí taithí ar na healaíona tríd an Áirc

INBHUANAITHEACHT

An bonneagar agus na cumais a chinnteoidh todhchaí na hÁirce mar lárionad cultúrtha agus acmhainn do leanaí a thógáil

ABHCÓIDEACHT

Ceart leanaí ar na healaíona agus ar an gcultúr a chur ar aghaidh

SPRIOC

DUL I GCOMHAIRLE
LE LEANAÍ CHUN
EISPÉIRIS EALAÍON
DEN SCOTH A
CHRUTHÚ DÓIBH

Tá an Áirc bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil leanaí i dteideal ealaín iontach a rinneadh go speisialta dóibh. Chuir paindéim Covid-19 isteach go mór ar shaol leanaí sa bhaile agus ar scoil. Agus muid ag teacht amach as an ngéarchéim, b'fhéidir go bhfuil sé níos tábhachtaí ná riamh go gcruthóimis eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán do leanaí a spreagann a gcuid samhlaíochta agus a chuireann áthas orthu. Beimid ag díriú thar aon ní eile ar ealaíontóirí a chumasú chun ealaín den scoth agus ealaín thrialach a dhéanamh do leanaí, a chuireann san áireamh an gá atá ann chun teagmháil chianda a dhéanamh leo agus ullmhú chun bualadh go pearsanta leo ar shlí shábháilte.

SÁRMHAITHEAS

CUSPÓIRÍ

1

Cuirfimid an chuid is fearr d'ealaín na hÉireann agus idirnáisiúnta i láthair do leanaí i gclár hibrideach a chuimsíonn eispéiris ar líne agus pearsanta, agus rachaimid i gcomhairle le leanaí chun é sin a dhéanamh.

2

Leathnóimid ár bpunann coimisiún, léiriúchán agus clár, ag tacú agus ag soláthar acmhainní do líon méadaithe ealaíontóirí agus d'ealaíontóirí éagsúla, á spreagadh chun bealaí nua a fháil chun teagmháil a dhéanamh le leanaí agus iad a spreagadh go pearsanta agus ar líne.

3

Infheistóimid tuilleadh i bhforbairt chleachtas gairmiúil ealaíontóirí, ag leathnú go sonrach a gcumas chun teagmháil a dhéanamh le raon éagsúil leanaí laistigh den chomhthéacs dinimiciúil reatha.

4

Déanfaimid infheistíocht i múinteoirí trí leathnú a dhéanamh ar ár gclár um forbairt ghairmiúil leanúnach, i nGaeilge agus i mBéarla, chun a gcuid foghlama sna taibh-ealaíona agus sna hamharcealaíona a fheabhsú.

Tá Covid-19 tar éis an easpa comhionannais i saol leanaí a nochtadh agus a mhéadú, lena n-áirítear a gcumas páirt a ghlacadh san ealaín agus sa chultúr go digiteach agus go pearsanta. Sna blianta beaga amach romhainn, déanfaimid tuilleadh forbartha ar ár dtaithe agus ar a bhfuil déanta againn go dtí seo chun deiseanna a chur ar fáil do leanaí chun taithe a fháil ar an ealaín. Bainfimid úsáid as gach a d'fhoghlaimíomar in 2020, agus bainfimid leas as deiseanna atá ag teacht chun cinn agus as na cleachtais nua atá á dtaiscéaladh againn, chun ár sroicheadh a leathnú agus comhionannas rochtana a chinntiú. Táimid ag tnúth le deiseanna spreagúla tarraingteacha a chruthú do níos mó leanaí chun ealaín a dhéanamh agus a roinnt, bíodh siad ar scoil nó sa bhaile, ag obair go pearsanta nó ar líne lena dtuismitheoirí, a gcúramóirí nó a múinteoirí, nó ar ais linn san Áirc.



RANNPHÁIRTÍOCHT

CUSPÓIRÍ

1

Oibreimid go dlúth le múinteoirí chun taithe leanaí ar ealaín sa bhaile nó sa seomra ranga a neartú trí chláir chianda agus ar líne, ag cur lena gcuid scileanna agus muiníne chun dul i mbun rannpháirtíochta ar líne.

2

Déanfaimid an lucht féachana a shroichimid a leathnú agus a éagsúlú trí rannpháirtíocht chian-da agus dhigiteach, ag cinntiú go bhfuilimid chomh huilechuimsitheach agus is féidir, ag cuimhneamh ar an deighilt dhigiteach.

3


Leanfaimid orainn ag éisteacht le dearcadh leanaí ar ár gcuid oibre agus le ceannródaíocht a dhéanamh ar chinnteoireacht rannpháirtíochta leanaí i ngach gné dár n-eagraíocht.

4

Cothóimid caidreamh fadtéarmach lenár scoileanna comharsanachta.

5

Cuirfimid eispéiris níos uilechuimsithí ar fáil do lucht féachana faoi mhíchumas agus déanfaimid an lucht féachana sin a chuardach go gníomhach.



CUSPÓIRÍ

SPRIOC

BONNEAGAR AGUS CUMAIS A NEARTÚ TRÍNA GCINNTEOFAR ÁIT NA HÁIRCE MAR IONAD CULTÚRTHA AGUS MAR ACMHAINN DO LEANAÍ

Is eagraíocht níos láidre agus níos athléimní é an Áirc mar thoradh ar na cleachtais eiseamláireacha rialachais a bhunaíomar idir 2017 agus 2020. Beimid eiticiúil agus dian inár gcuid gnó i gcónaí, agus lúfar sa chaoi a bhfreagróimid do shláinte an phobail agus do riachtanais sheachtracha eile. Tosaíocht ar leith is ea ár ndaoine a bhainistiú: infheisteacht inár bhfoireann, ag tacú lena bhfolláine phearsanta agus lena gcumas gairmiúil oibriú go sábháilte agus go héifeachtach. Cuirfimid beartas comhshaoil i dtoll a chéile freisin agus cuirfimid cleachtais inbhuanaithe chun cinn inár gcuid oibre.

1

Cinnteacht cumas na heagraíochta chun a cuid oibleagáidí rialachais, comhlíonta agus reachtúla a chomhlíonadh.

2

Déanfaimid córas bainistíochta feidhmíochta nua a fhorbairt agus a rolladh amach chun tacú le forbairt ár bhfoirne agus chun an chaoi a n-oibrímid inár n-aonair agus i dteannta a chéile a neartú.

3

Cuirfimid beartas comhshaoil i dtoll a chéile chun dearcaí, iompraíochtaí agus cleachtais inbhuanaithe a thionscnamh i ngach gné dár gcuid oibre.

4

Cuirfimid ár mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe i bhfeidhm go hiomlán, ag cinntiú go bhfuil fealsúnacht agus cleachtais an bheartais sin beo agus ag obair san eagraíocht.

5

Oibreoidimid go réamhghníomhach chun ár sruthanna ioncaim a éagsúlú chun bonn ioncaim níos leithne a chruthú agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a bhunú a fheabhsóidh agus a mhéadóidh ár n-aschur agus ár dtionchar.

6

Tabharfaimid aire dár bhfoirgneamh, agus tabharfaimid aird ar chleachtais, cóid agus caighdeáin sláinte agus sábháilteachta atá ag teacht chun cinn chun sábháilteacht agus folláine lucht féachana, ealaíontóirí agus foirne laistigh de a chinntiú.

INBHUANAITHEACTH



SPRIOC

CEART LEANAÍ AR
EALAÍN AGUS AR
CHULTÚR A CHUR
CHUN CINN

Ó 2017 go 2020, d'oibrigh An Áirc go cruachun tuiscint agus gníomhachtú ar cheart leanaí chun taithí a fháil ar ealaín agus ar chultúr, mar shaoránaigh iomlána agus chomhionanna, a chur chun cinn. Táimid bródúil as go bhfuil aitheantas faighte againn as seasamh leis an gceart seo, agus as tionchar dearfach a imirt ar dhaoine eile chun meas a léiriú ar an gceart seo agus é a chur chun cinn. Leanfaimid dár ról ceannaireachta sa cheantar seo agus go náisiúnta chun ceart leanaí ar ealaín agus ar chultúr a chur chun cinn. Ina theannta sin, cinnteoidimid go dtugtar tús áite don cheart seo in aon bhreithniú a dhéanfar ar fholláine leanaí le linn agus i ndiaidh na paindéime.

ABHCÓIDEACHT

CUSPÓIRÍ

1


Leanfaimid d'fheasacht an phobail ar cheart gach linbh ar chultúr a mhéadú, ag tacú le ról lárnach na healaíne agus an chultúir sa bheartas náisiúnta do leanaí agus do lárnacht leanaí sa bheartas ealaíon.


2

Déanfaimid athbhreithniú agus doiciméadú ar an taighde atá déanta ar chleachtais ealaíon atá bunaithe ar chearta chun tosaíochtaí taighde Na hÁirce sa todhchaí a leagan amach.

3

Cuirfimid guth an linbh chun cinn laistigh agus lasmuigh den Áirc.





Mar gheall ar an Áirc

Is ionad cultúrtha speisialta do leanaí é An Áirc, a bunaíodh i 1995. Cruthaímid deiseanna do leanaí, in éineacht lena dteaghlaigh agus a gcairde nó lena scoil, chun triail a bhaint as an ealaín agus í a ghráú. Déanaimid obair a choimisiúnú, a tháirgeadh agus a chur i láthair do leanaí, idir dhá bhliain agus dhá bhliain déag d'aois. Déanaimid é sin inár n-áras, a bhfuil duaiseanna ailtireachta buaite aige, i gcoilár Bhaile an Teampaill i mBaile Átha Cliath, agus ar camchuart timpeall na hÉireann agus thar lear.

Tríd ár gcuid oibre le healaíontóirí móra Éireannacha agus idirnáisiúnta, is féidir le páistí taitneamh a bhaint as léirithe inár n-amharclann uathúil ar mhéid an linbh, féachaint ar thaispeántais mhealltacha nó páirt a ghlacadh i gceardlanna cruthaitheacha. Agus muid ag freagairt do dhúshláin ghéarchéim Covid-19, táimid ag dul i dteagmháil le níos mó leanaí ar líne agus trí chainéil chianda, agus leanfaimid orainn ag baint triail as formáidí agus bealaí nuálacha chun ealaín agus cultúr a chur i láthair leanaí as seo amach mar a mbeidh páirt níos lárnaí ag áiseanna digiteacha ná riamh roimhe seo.

Tá rannpháirtíocht leanaí i gcoilár ár gcleachtais agus, trínár gComhairle Leanaí, tá samhail láidir rannpháirtíochta leanaí sna healaíona agus sa chultúr curtha ar bun againn do ghrúpa éagsúil leanaí agus tá sé sin mar bhonn eolais le cláir agus cinnteoireacht na heagraíochta ó shin.

Oibrímid i gcomhpháirtíocht le daoine eile mar chomhoibritheoirí ealaíne agus roinnimid ár n-acmhainní agus ár n-eolas go rialta le healaíontóirí, oideachasóirí agus le gach duine ar spéis leo cleachtas ealaíon leanbh-lárnaithe. Déanaimid deiseanna sonracha forbartha gairmiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí agus d'ealaíontóirí freisin, agus oibrímid le heagraíochtaí eile a bhfuil an dearcadh céanna acu chun cearta leanaí ar ealaín agus ar chultúr a chur chun cinn mar chuid dá gcuid foghlama agus forbartha. Tá an Áirc á rialú ag bord deonach a cheaptar ar feadh téarma trí bliana, go ceann naoi mbliana ar a mhéad.

Is foireann ealaíne agus riaracháin faoi stiúir an Stiúrthóra a dhéanann obair Na hÁirce le dúthracht agus le meas; ar an Stiúrthóir atá an cúram as clárú agus bainistíocht chorparáideach na heagraíochta. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é an Áirc nach bhfuil scairchaipiteal aici agus is carthanas cláraithe í freisin.

An Áirc 11A Sráid Eustace, Barra an Teampaill, BÁC 2

Faigh amach tuilleadh ag ark.ie | 01 670 7788



Lean sinn @TheArkDublin



An Roinn Oideachais
Department of Education



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Uimhir na Cuideachta: 222774
CHY: 11334
RCN: 20030827